

COMHAIRLE CATHRACH AGUS CONTAE PHORT LÁIRGE ¹

FÓGRA LÁITHREÁIN

Is mian liomsa/linne², iarratas a dhéanamh cur isteach ar:

**Cead / Cead Coinneála / Cead Imlíneach /
Cead bunaithe ar Chead Imlíneach a fháil
(Uimhir Thagartha an chead imlíneach)³**

d'fhorbairt ag an láithreán seo

4

Séard a bheidh i gceist leis an bhforbairt seo⁵

6

Is féidir an t-iarratas pleanála a scrúdú nó a cheannach, ar chostas nach mó ná an costas réasúnta a ghabhann le cóip a dhéanamh, ag oifigí an Údarás Pleanála, Áras Menapia, An Meal, Port Láirge, le linn uaireanta oscailte poiblí {9.30r.n. - 1.00i.n. agus 2i.n. – 4i.n. Luan go hAoine (seachas laethanta saoire poiblí)}.

Is féidir aighneacht nó tuairim maidir leis an iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás Pleanála, ach an táille fhorordaithe de €20 a íoc taobh istigh de thréimhse cúig seachtaine ag tosnú ar an dáta a fhaigheann an tÚdarás an t-iarratas, agus cuirfidh an t-údarás pleanála na haighneachtaí nó tuairimí seo san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an iarratas. Is féidir leis an údarás pleanála cead a dheonú faoi réir coinníollacha nó gan coinníollacha, nó is féidir leis an údarás cead a dhiúltú.

SÍNITHE: _____ ⁷

DÁTA AR CUIREADH AN FÓGRA LÁITHREÁIN IN AIRDE: _____ ⁸

FÓGRA LÁITHREÁIN (Airteagal 19)

Treoir chun an fógra seo a líonadh isteach

1. Is ceart ainm an údaráis phleanála ag a mbeidh an t-iarratas seo á dhéanamh a chur isteach anseo.
2. Is ceart ainm an iarratasóra atá ag lorg an chead (agus ní a g(h)níomhaire) a chur isteach anseo.
3. Scríos mar is cuí. Is féidir na saghasanna seo a leanas de chead a lorg-
 - (a) cead,
 - (b) cead coinneála,
 - (c) cead imlíneach,
 - (d) cead bunaithe ar chead imlíneach a fháil. Os rud é gur seo an saghas cheada atá á lorg, is ceart an uimhir thagartha den chead imlíneach atá ar an gclár pleanála a chur isteach anseo.
4. Is ceart suíomh, baile fearainn nó seoladh poist na talún nó an struchtúir lena mbaineann an t-iarratas a chur isteach anseo.
5. Scríos mar is cuí. Is ceart an aimsir láithreach a úsáid nuair is cead coinneála atá á lorg.
6. Is ceart cur síos ar shaghas agus ar réimse na forbartha atá i gceist a chur isteach anseo. Ba cheart go mbeadh an méid seo a leanas san áireamh sa chur síos-
 - (a) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbairt ina bhfuil **tithe le soláthar, líon na dtithe** atá le cur ar fáil. Séard is brí le 'Tithe' ná aon fhoirgneamh atá deartha mar dhá (nó níos mó) áitreabh nó árasán, nó aon árasán nó áitreabh eile laistigh d'fhoirgneamh, nó mar chuid d'fhoirgneamh.
 - (b) sa chás go mbaineann an t-iarratas le struchtúr a **choimeád**, cur síos ar nádúr na húsáide atá beartaithe don struchtúr agus, más cuí, an tréimhse a bhfuil sé i gceist an struchtúir a choimeád,
 - (c) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbairt ina mbeadh oibreacha ar **struchtúr atá faoi chosaint** nó **struchtúr atá molta le bheith faoi chosaint**, is ceart é seo a lua,
 - (d) sa chás go bhfuil **ráiteas tionchair timpeallachta** ullmhaithe maidir leis an iarratas pleanála, is ceart é seo a lua,
 - (e) sa chás go mbaineann an t-iarratas le forbairt ina bhfuil gníomhaíocht mar chuid de, nó mar chuspóir aige, agus gur gá **ceadúnas um rialú comhtháite ar thruailliú** nó **ceadúnas fuíollábhair** ina leith, is ceart é sin a lua, nó
 - (f) sa chás go mbaineann an t-iarratas pleanála le forbairt ina bhfuil soláthar fhoirgnimh, nó mionathruithe ar fhoirgneamh laistigh de chiall Chuid 11 des na Rialacháin (An Treoir do Mhór-Thimpistí) i gceist leis, is ceart é sin a lua.
7. Ba cheart **síniú** an iarratasóra nó síniú agus seoladh teagmhála an duine atá ag gníomhú ar son an iarratasóra a chur isteach anseo.
8. Is ceart **an dáta a cuirtear an fógra in airde ar an láithreán** a chur isteach anseo.
9. **Moltar d'iarrthóirí i gceantracha Gaeltachta an fógra láithreáin a bheith as Gaeilge nó as Gaeilge agus Béarla araon.**

Treoir chun an fógra seo a chur in airde

- (1) Beidh fógra láithreáin a chuirtear in airde ar aon talamh nó struchtúr faoi réir alt 17(1)(b) – (a) sa bhfoirm a leagtar amach i bhFoirm Uimh. 1 de Sceideal 3, nó i bhfoirm an-chosúil leis sin, (b) faoi réir fo-alt (4), inscríofa nó clóite i ndúch doscrista ar chúlra bán, greamaithe ar ábhar atá dolúbtha agus marthanach agus atá daingnithe ó dhamáiste ó dhroch-aimsir nó ó chúiseanna eile, agus (c) faoi réir fo-alt (2), curtha in airde go daingean nó greamaithe in áit fheiceálach ar nó in aice leis an bpríomh-bhealach isteach, nó ar aon áit eile den talamh nó struchtúr atá i gceist ón bpríomh-bhóthar, nó sa chás go bhfuil níos mó ná aon bhealach amháin isteach ó bhóithre poiblí, ar nó in aice leis na bealaigh isteach seo, nó ar aon chuid eile den talamh nó struchtúr atá taobh le bóthar poiblí, ionas go mbeidh siad le feiceáil go soiléir agus iad soláite ag daoine atá ag úsáid an bhóthair poiblí, agus ní dhéanfar iad a chlúdach nó a chur i bhfolach ag aon am.
- (2) Sa chás nach bhfuil an talamh nó an struchtúr lena mbaineann an t-iarratas pleanála taobh le bóthar poiblí, déanfar fógra láithreáin a chur in airde nó a ghreamú in áit feiceálach ar an talamh nó struchtúr, ionas go mbeidh sé le feiceáil go soiléir agus é soláite ag daoine atá lasmuigh den talamh nó struchtúr, agus ní dhéanfar é a chlúdach nó a chur i bhfolach ag aon am.
- (3) Sa chás go gceapann an t-údarás pleanála nach leor fógra láithreáin amháin a chur in airde nó a ghreamú chun cloí le riachtanais fho-altanna (1) agus (2), nó nach gcuireann sé an pobal ar an eolas ar bhealach sásúil, d'fhéadfadh an t-údarás iachall ar chur ar an iarratasóir a thuilleadh fógra(i) láithreáin a chur in airde/a ghreamú i bpé slí agus faoi réir pé téarmaí a shonraíonn sé, agus beidh ar an iarratasóir fianaise a chur os comhair an údaráis a léiríonn comhlíonadh lena leithéid de riachtanais.

Chomh maith leis na riachtanais faoi alt 17(1)(b), coimeádfar fógra láithreáin in áit ar an talamh nó struchtúr atá i gceist ar feadh tréimhse cúig seachtaine ag tosú ar an dáta a fhaigheann an t-údarás pleanála an t-iarratas pleanála, agus déanfar é a athnuachan nó fógra nua a chur ina áit os rud é go mbainfear anuas é nó go ndéanfar é a mhilleadh nó go n-éiríonn sé doléite laistigh den tréimhse úd agus bainfidh an t-iarratasóir anuas an fógra tar éis don údarás pleanála an cinneadh a chur in iúl don iarratasóir faoi alt 31.